2025/212

31.1.2025

RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) 2025/212 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Meán Fómhair 2024

lena gceartaítear Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2055 ón gCoimisiún lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla i ndáil le feidhmiú an chirt bunaíochta agus i ndáil leis an saoirse chun seirbhísí institiúidí íocaíochta a sholáthar

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le seirbhísí íocaíochta sa mhargadh inmheánach, lena leasaítear Treoracha 2002/65/CE, 2009/110/CE agus 2013/36/AE agus Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010, agus lena n-aisghairtear Treoir 2007/64/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 28(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá earráid in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2055 ón gCoimisiún ([2]) a mhéid a bhaineann leis an uimhir aitheantais uathúil is infheidhme don Danmhairg. Déanann an earráid difear do shubstaint na hIarscríbhinne sin.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2055 a cheartú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Ceartaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2055 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Meán Fómhair 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([1]) IO L 337, 23.12.2015, lch. 35, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2015/2366/oj.
([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2017/2055 ón gCoimisiún an 23 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Treoir (AE) 2015/2366 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le caighdeáin theicniúla rialála le haghaidh comhar agus malartú faisnéise idir na húdaráis inniúla i ndáil le feidhmiú an chirt bunaíochta agus i ndáil leis an saoirse chun seirbhísí institiúidí íocaíochta a sholáthar (IO L 294, 11.11.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2017/2055/oj).

IARSCRÍBHINN

In Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachan Tarmligthe (AE) 2017/2055, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh na Danmhairge:

'an Danmhairg	Cláruimhir na cuideachta	Uimhir 8 ndigit (e.g. 12345678)	I gcás dílseánacht aonair: Cláruimhir na cuideachta I gcás daoine nádúrtha nach dílseánachtaí aonair iad: Uimhir chlárúcháin phearsanta	Uimhir 8 ndigit san fhormáid 12345678 Uimhir 10 ndigit san fhormáid 123456-7890'